Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Nollaig 2025
(OR. en)

15610/25
ADD 3

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0294(NLE)

ACP 120
WTO 115
COAFR 325
RELEX 1519

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó CHOISTE NA nOIFIGEACH SINSEARACH ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA CÉINIA, COMHALTA DE CHOMHPHOBAL NA hAFRAICE THOIR, DEN PHÁIRT EILE a mhéid a bhaineann lena chomhaontú le Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE a ghlacadh |

DRÉACHT

**CINNEADH UIMH. …/… Ó CHOISTE NA nOIFIGEACH SINSEARACH ARNA BHUNÚ LEIS AN gCOMHAONTÚ COMHPHÁIRTÍOCHTA EACNAMAÍCHE IDIR AN tAONTAS EORPACH, DE PHÁIRT, AGUS POBLACHT NA CÉINIA, COMHALTA DE CHOMHPHOBAL NA hAFRAICE THOIR, DEN PHÁIRT EILE**

**an …**

**a mhéid a bhaineann lena chomhaontú le Rialacha Nós Imeachta Choiste Comhairleach CCE a ghlacadh**

TÁ COISTE NA nOIFIGEACH SINSEARACH,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 108 den Chomhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche (CCE) idir an tAontas Eorpach, de pháirt, agus Poblacht na Céinia, Comhalta de Chomhphobal na hAfraice Thoir, den pháirt eile ('an Comhaontú'), bunaíodh Coiste Comhairleach CCE agus é de chúram air cúnamh a thabhairt do Choiste na nOifigeach Sinsearach idirphlé agus comhar a chur chun cinn idir ionadaithe na hearnála príobháidí, eagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear an pobal acadúil, agus comhpháirtithe sóisialta agus eacnamaíocha, maidir le gach ábhar a chumhdaítear faoin gComhaontú.

(2) Foráiltear le hAirteagal 108(4) den Chomhaontú go nglacfaidh Coiste Comhairleach CCE a rialacha nós imeachta i gcomhaontú le Coiste na nOifigeach Sinsearach,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Comhaontaíonn Coiste na nOifigeach Sinsearach arna bhunú leis an gComhaontú go nglacfaidh Coiste Comhairleach CCE a Rialacha Nós Imeachta*.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann Choiste na nOifigeach Sinsearach*
*Na Comhchathaoirligh*

---

* Toscaireachtaí: féach na Rialacha Nós Imeachta san Iarscríbhinn a ghabhann leis an doiciméad seo.